Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Lúnasa 2025**
**(OR. en)**

**12163/25**

**COH 162**
**FIN 981**
**ECOFIN 1096**
**SOC 572**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Lúnasa 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 441 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>An Tuarascáil Bhliantúil maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh 2019 - 2020 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 441 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 441 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.7.2025
COM(2025) 441 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

## An Tuarascáil Bhliantúil maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh 2019 - 2020

# CLÁR

Réamhrá ........................................................................................................................ 2

Iarratais a fuarthas in 2019 agus 2020 ........................................................................ 3

➢ *In 2019* ........................................................................................................... 3

➢ *In 2020* ........................................................................................................... 5

Maoiniú ........................................................................................................................ 11

Dúntán ........................................................................................................................ 13

➢ *Dúntáin 2020* ................................................................................................. 13

Conclúidí ..................................................................................................................... 14

**RÉAMHRÁ**

Leagtar síos in Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh[1] ('an Rialachán') nach mór don Choimisiún tuarascáil ar ghníomhaíocht an Chiste sa bhliain roimhe sin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Tugtar tuairisc sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh ('CDAE') in 2019 agus 2020. Déantar achoimre ann freisin ar na hiarratais a fuarthas in 2019 agus 2020, agus ar na cásanna a dúnadh le linn na tréimhse tuairiscithe. Rinne an Coimisiún measúnú ar na hiarratais uile de réir na gcritéar a leagtar síos sa Rialachán.

In **2019**, fuair an Coimisiún **ceithre iarratas nua** ar ranníocaíochtaí airgeadais ó CDAE, is iad sin ón nGréig (adhaimsir), ón Spáinn (adhaimsir) ón Ostair (tuilte), agus ón bPortaingéil (adhaimsir). Bhain trí cinn de na hiarratais sin le 'tubaistí nádúrtha réigiúnacha' agus bhain ceann amháin acu le 'tubaiste nádúrtha i dtír chomharsanach'.

Fuair an Ghréig, an Spáinn agus an Phortaingéil réamhíocaíochtaí dar luach EUR 69,5 milliún san iomlán laistigh de chúpla seachtain tar éis dóibh a n-iarratais a chur isteach.

In **2020**, fuair an Coimisiún **31 iarratas nua** ar ranníocaíochtaí airgeadais ó CDAE, a raibh baint ag **naoi gcinn** acu le tubaistí nádúrtha agus 22 iarratas le mór-éigeandálaí sláinte poiblí.

Tháinig na naoi n-iarratas a bhain le tubaistí nádúrtha ón nGréig (tuilte Evia, Cioclón Ianos), ón Spáinn (Stoirm Gloria), ón bhFrainc (Stoirm Alex), ón gCróit (crith talún Shágraib), ón Iodáil (drochaimsir, Stoirm Alex), ón Ostair (drochaimsir) agus ón bPolainn (tuilte).

Diúltaíodh d'iarratas na Spáinne maidir le stoirm Gloria in 2020 agus d'iarratas na hIodáile maidir le Stoirm Alex i mí Dheireadh Fómhair 2020 toisc nár chomhlíon siad na critéir a leagtar síos sa Rialachán.

As na hiarratais ar éirigh leo, bhain dhá cheann acu le 'mórthubaistí nádúrtha', ba 'thubaistí nádúrtha réigiúnacha' ceithre cinn díobh agus bhain ceann amháin acu le 'tubaistí nádúrtha i dtír chomharsanach'.

Tar éis an leasaithe ar an Rialachán an 30 Márta 2020, fuair an Coimisiún **22 iarratas ar ranníocaíochtaí airgeadais ó CDAE a bhaineann le paindéim COVID-19, is é sin ón Albáin, ón Ostair, ón mBeilg, ón gCróit, ón Eastóin, ón bhFrainc, ón nGearmáin, ón nGréig, ón Ungáir, ón Iodáil, ó Éirinn, ón Laitvia, ón Liotuáin, ó Lucsamburg, ó Mhontainéagró, ón bPolainn, ón bPortaingéil, ón Rómáin, ón tSeirbia, ón tSlóivéin agus ón Spáinn.**

Diúltaíodh do na hiarratais ón bPolainn agus ón tSlóivéin toisc nár chomhlíon siad na critéir a leagtar amach sa Rialachán.

D'iarr an Albáin, an Chróit, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, Éire, Montainéagró, an Phortaingéil agus an Spáinn réamhíocaíocht le haghaidh méid iomlán EUR 132,7 milliún. Chuir an Coimisiún réamhíocaíochtaí ar fáil do na seacht mBallstát (an Ghearmáin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Chróit, an Ungáir agus an Phortaingéil) faoi dheireadh 2020. Ní

[1] Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (IO L 311, 14.11.2002, lch. 3) arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 661/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 (IO L 189, 27.6.2014, lch. 143) agus le Rialachán (AE) 2020/461 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Márta 2020 (IO L 99, 31.3.2020, lch. 9).

fhéadfadh an Albáin ná Montainéagró réamhíocaíochtaí a fháil toisc nach Ballstáit iad. Thairis sin, mhol an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle EUR 397,45 milliún a shlógadh i mí an Mhárta 2021 mar íocaíocht iarmhéid do na Ballstáit (a fuair réamhíocaíochtaí) agus mar íocaíocht iomlán don Albáin agus do Mhontainéagró (nach bhfuair réamhíocaíochtaí).

Liostaítear in Iarscríbhinn I na tairseacha damáiste do 'mhórthubaiste nádúrtha' is infheidhme in 2019 agus 2020 maidir le CDAE a shlógadh. Tugtar forléargas in Iarscríbhinn II ar na hiarratais a formheasadh in 2019 agus 2020, lena n-áirítear an fhaisnéis airgeadais ábhartha.

## IARRATAIS A FUARTHAS IN 2019 AGUS 2020

- ***IN 2019***

  Fuair an Coimisiún ceithre iarratas nua ar ranníocaíochtaí airgeadais ó CDAE in 2019. Shroich siad uile an Coimisiún laistigh den sprioc-am dlíthiúil 'tráth nach déanaí ná 12 sheachtain tar éis an chéad tarlú damáiste' (Airteagal 4(1) den Rialachán). Bhain trí iarratas le 'tubaistí nádúrtha réigiúnacha', agus bhí ceann amháin acu bunaithe ar an bhforáil maidir le 'tubaistí nádúrtha i dtír chomharsanach'. Ghlac an Coimisiún na cinntí cur chun feidhme lenar dámhadh ranníocaíochtaí airgeadais ó CDAE le haghaidh gach ceann de na ceithre iarratas le linn 2019 agus 2020.

### AN OSTAIR - Tuilte

I mí Dheireadh Fómhair 2018, d'fhulaing codanna thiar theas na hOstaire tuilte tromchúiseacha mar gheall ar na dálaí meitéareolaíocha céanna ba chúis le 'mórthubaiste nádúrtha' san Iodáil. Bhí an bháisteach an-trom i ndeisceart na hOstaire (go háirithe sa Tioróil Thoir agus in Carinthia) ón 15 go dtí an 17 Samhain 2018, rud a d'fhág go raibh sciorrthaí láibe, sciorrthaí talún agus tuilte dona ann. Bhain damáiste suntasach do bhonneagar poiblí fíor-riachtanach, tithe príobháideacha, gnólachtaí agus foraoisí mar gheall ar an adhaimsir.

Ina dhiaidh sin, rinne an Ostair iarratas ar ranníocaíocht airgeadais ó CDAE an 14 Eanáir 2019 agus chuir sí leagan athbhreithnithe den iarratas isteach an 20 Feabhra 2019. Ba é EUR 322 milliún meastachán údaráis na hOstaire ar chostas iomlán an damáiste dhírigh a tháinig as an tubaiste. Níor iarr an Ostair réamhíocaíocht.

Tar éis thogra COM(2019) 3604 ón gCoimisiún an 15 Bealtaine 2019, d'fhormheas Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an 18 Meán Fómhair 2019 íocaíocht EUR 8 154 899 ó CDAE leis an Ostair. An 2 Deireadh Fómhair 2019, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2019) 7174 lenar dámhadh ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Rinneadh an íocaíocht EUR 8 154 899 an 28 Deireadh Fómhair 2019.

### AN GHRÉIG - Adhaimsir

Idir an 23 agus an 26 Feabhra 2019, bhuail stoirm ina raibh báisteach thar a bheith trom an Chréit, go háirithe an chuid thiar den oileán. Mar thoradh ar na tuilte agus na sciorrthaí talún a d'eascair as sin, maraíodh daoine agus bhí iarmhairtí tubaisteacha acu ar an mbonneagar áitiúil, go háirithe ar bhóithre. Rinneadh damáiste mór don gheilleagar (earnáil na talmhaíochta den chuid is mó). Rinne an Ghréig iarratas ar ranníocaíocht airgeadais ó CDAE an 15 Bealtaine 2019.

Ba é EUR 182,1 milliún meastachán na Gréige ar chostas an damáiste dhírigh iomláin. 2,1 % de OTI Kriti a bhí sa damáiste a rinneadh ar an gCréit, an réigiún ar leibhéal NUTS 2[2] lena mbaineann, agus dá bhrí sin sáraíonn sé an tairseach EUR 129,8 milliún bunaithe ar Airteagal 2(3) den Rialachán. Ina hiarratas, d'iarr an Ghréig go n-íocfaí réamhíocaíocht.

An 19 Iúil 2019, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2019) 5514 lenar dámhadh réamhíocaíocht EUR 455 252 den ranníocaíocht airgeadais a raibh coinne léi ón gCiste, agus d'íoc sé é leis an nGréig ina dhiaidh sin an 27 Lúnasa 2019.

Tar éis thogra COM(2019)496 ón gCoimisiún an 18 Deireadh Fómhair 2019, d'fhormheas Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle íocaíocht EUR 4 552 517 ó CDAE leis an nGréig. An 30 Eanáir 2020, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2020) 449 lenar dámhadh ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Íocadh an t-iarmhéid EUR 4 097 266 an 19 Feabhra 2020.

**AN PHORTAINGÉIL – Adhaimsir**

Ba chioclón trópaiceach Atlantach de chatagóir 5 é hairicín Lorenzo — an cioclón trópaiceach is faide soir agus is gaire don Eoraip a cláraíodh riamh. Tar éis dó géarú go tapa, chuaigh sé tríd na hAsóir (an Phortaingéil) an 2 Deireadh Fómhair 2019, rud a rinne damáiste do bhonneagar poiblí agus príobháideach agus a rinne difear tromchúiseach do shaol laethúil daoine, do ghnólachtaí agus d'institiúidí. An 3 Deireadh Fómhair, d'fhógair an rialtas réigiúnach géarchéim fuinnimh chun soláthairtí bunúsacha fuinnimh a áirithiú. An 17 Deireadh Fómhair, dhearbhaigh sé staid tubaiste phoiblí ar chríoch Réigiún Féinrialaitheach na nAsór tar éis an damáiste a rinne an hairicín.

I mí na Samhna 2019, fuair an Coimisiún iarratas ar chúnamh airgeadais ó CDAE a bhaineann le tubaiste hairicín Lorenzo. Ba é EUR 328,5 milliún meastachán údaráis na Portaingéile ar chostas iomlán an damáiste dhírigh a tháinig as an tubaiste.

Ar bhonn an mheasúnaithe a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4 den Rialachán, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a sholáthar (arna ríomh ag EUR 8 212 697) ó CDAE.

An 11 Nollaig 2019, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2019) 9067 lenar dámhadh réamhíocaíocht 10 % de EUR 821 270, a íocadh an 23 Nollaig 2019.

Tar éis thogra COM(2020) 200 ón gCoimisiún an 30 Aibreán 2020, d'fhormheas Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle íocaíocht EUR 8 212 697 ó CDAE leis an bPortaingéil. An 7 Iúil 2020, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2020) 4713 lenar dámhadh ranníocaíocht airgeadais EUR 8 212 697 ón gCiste. Íocadh an t-iarmhéid EUR 7 391 427 an 22 Iúil 2020.

**AN SPÁINN – Adhaimsir**

Ón 9 Meán Fómhair 2019 ar aghaidh, rinne feiniméan meitéareolaíoch neamhchoitianta ar a dtugtar 'lagrach scoite mór-airde' (*depresión aislada en niveles altos*, DANA) difear d'oirdheisceart Leithinis na hIbéire. Shroich an feiniméan, arb é is príomhthréith dó báisteach thar na bearta a raibh tuilte mar thoradh air, a bhuaic idir an 12 agus an 16 Meán Fómhair 2019, agus bhí tionchar tromchúiseach aige ar limistéir mhóra i réigiúin Valencia, Murcia, Castilla-La Mancha agus na hAndalúise.

[2] Aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh.

Ina dhiaidh sin, rinne an Spáinn iarratas ar ranníocaíocht airgeadais ó CDAE an 28 Samhain 2019 laistigh den sprioc-am 12 sheachtain tar éis an chéad damáiste a tharla. Ba é EUR 2,3 billiún meastachán údaráis na Spáinne ar chostas iomlán an damáiste dhírigh a tháinig as an tubaiste.

Ar bhonn an mheasúnaithe a rinneadh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le ranníocaíocht airgeadais a sholáthar (arna ríomh ag EUR 56 743 358) ó CDAE.

An 13 Feabhra 2020, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 905 lenar dámhadh réamhíocaíocht EUR 5 674 336, a íocadh leis an Spáinn an 6 Márta 2020.

Tar éis thogra COM(2020) 200 ón gCoimisiún an 30 Aibreán 2020, d'fhormheas Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle íocaíocht EUR 56 743 358 ó CDAE leis an Spáinn. Tar éis Chinneadh Cur Chun Feidhme C (2020) 7541, íocadh an t-iarmhéid EUR 51 069 022 an 19 Samhain 2020.

- ***In 2020***

Fuair an Coimisiún naoi n-iarratas nua ar ranníocaíochtaí airgeadais ó CDAE in 2020 le haghaidh tubaistí nádúrtha. Shroich na hiarratais uile an Coimisiún laistigh den sprioc-am dlíthiúil 'tráth nach déanaí ná 12 sheachtain tar éis an chéad tarlú damáiste' (Airteagal 4(1) den Rialachán). As na hiarratais ar éirigh leo, bhain dhá cheann acu le 'mórthubaistí nádúrtha', bhain ceithre cinn acu le 'tubaistí nádúrtha réigiúnacha', agus bhí ceann amháin acu bunaithe ar an bhforáil maidir le 'tubaistí nádúrtha i dtír chomharsanach'. Ghlac an Coimisiún na cinntí cur chun feidhme lenar dámhadh ranníocaíochtaí airgeadais ó CDAE le haghaidh na seacht n-iarratas rathúla le linn 2020 agus 2021.

**AN IODÁIL — Adhaimsir**

I mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2019, bhí adhaimsir san Iodáil. Ba í an tubaiste ba chúis le tuilte agus sciorrthaí talún, lena n-áirítear tuilte sa Veinéis. Ba é Veneto an réigiún ba mhó a buaileadh, áit ar shroich an taoide an dara huasmhéid os cionn leibhéal na mara riamh a taifeadadh sa chathair, ón uair a taifeadadh an t-uasmhéid an 4 Samhain 1966, le gaoth 110 km/u ag gabháil leis. Rinne na tuilte damáiste ollmhór d'fhoirgnimh phríobháideacha agus phoiblí, lena n-áirítear iad siúd i láithreáin oidhreachta cultúrtha. Rinneadh difear do na céadta eaglaisí, músaem agus pálás a bhfuil luach nach féidir a mheas acu. B'éigean na céadta daoine a aslonnú óna dteach, agus bhí caillteanais mhóra talmhaíochta agus eacnamaíocha ann. Ba é EUR 5,62 billiún meastachán údaráis na hIodáile ar chostas iomlán an damáiste dhírigh a tháinig as an tubaiste.

Chuir an Iodáil a hiarratas ar thacaíocht ón gCiste isteach i mí Eanáir 2020. Cháiligh an t-iarratas mar iarratas a bhaineann le 'mórthubaiste nádúrtha' i gcomhréir le hAirteagal 2(2) den Rialachán. Níor iarr an Iodáil go n-íocfaí réamhíocaíocht.

Tar éis thogra COM(2020) 200 ón gCoimisiún an 30 Aibreán 2020, d'fhormheas Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle íocaíocht EUR 211 707 982 ó CDAE leis an Iodáil. Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2020) 6272 ón gCoimisiún lenar dámhadh an ranníocaíocht airgeadais an 9 Meán Fómhair 2020 agus rinneadh an íocaíocht iomlán an 6 Deireadh Fómhair 2020.

**AN OSTAIR – Dianaimsir**

I mí na Samhna 2019, d'fhulaing codanna thiar theas na hOstaire tuilte tromchúiseacha. Ba iad na dálaí meitéareolaíochta céanna ba chúis le mórthubaiste san Iodáil a spreag na teagmhais. Bhain damáiste suntasach do bhonneagar poiblí fíor-riachtanach, tithe príobháideacha, gnólachtaí agus foraoisí mar gheall ar an adhaimsir. Ba é EUR 87 milliún meastachán údaráis na hOstaire ar chostas iomlán an damáiste dhírigh a tháinig as an tubaiste.

Chuir an Ostair a hiarratas ar thacaíocht ón gCiste isteach i mí Eanáir 2020. Cháiligh an t-iarratas mar iarratas a bhaineann le 'tubaiste nádúrtha i dtír chomharsanach' i gcomhréir le hAirteagal 2(1)(a) den Rialachán. Níor iarr an Ostair réamhíocaíocht. Ríomh an Coimisiún méid na ranníocaíochta airgeadais ó CDAE ag EUR 2 329 777.

Tar éis thogra COM(2020) 200 ón gCoimisiún an 30 Aibreán 2020, d'fhormheas Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle íocaíocht EUR 2 329 777 ó CDAE leis an Ostair. An 23 Iúil 2020, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2020) 5142 lenar dámhadh ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Rinneadh an íocaíocht EUR 2 329 777 an 10 Lúnasa 2020.

**AN CHRÓIT — Crith talún Shágraib**

I mí an Mhárta 2020, d'fhulaing an Chróit sraith creathanna talún tubaisteacha a bhuail Cathair Shágraib agus a timpeallacht. Ba é an chéad chrith talún, le méid 5,5 ar scála Richter, an crith talún ba láidre a bhuail Ságrab ó bhí 1880 ann. Bhí sé le brath ar fud mhór-roinn na Cróite agus i réigiúin teorann na Slóivéine. Faoi dheireadh mhí Aibreáin, bhí níos mó ná 1 100 iarchrith taifeadta. Bhuail an crith talún Ságrab ceithre lá tar éis dianghlasáil náisiúnta a bheith curtha i bhfeidhm mar gheall ar eipidéim COVID-19 agus chuir sé daoine i staid éigeandála. Rinne an tubaiste difear don cheathrú cuid de dhaonra na Cróite. San iomlán, gortaíodh 27 nduine, a raibh cailín sna déaga ar dhuine acu a fuair bás de dheasca a gortuithe. Rinneadh damáiste do na mílte foirgneamh cónaithe, bonneagar poiblí, foirgnimh a bhfuil oidhreacht chultúrtha mhór acu, chomh maith le hinstitiúidí stáit tábhachtacha ar nós Pharlaimint na Cróite. Ba mhó ná EUR 11,6 billiún an damáiste iomlán measta a rinne na creathanna talún.

An 10 Meitheamh 2020, rinne an Chróit iarratas ar chúnamh airgeadais ón gCiste don chreat talún i mí an Mhárta 2020. Cháiligh an t-iarratas mar iarratas a bhaineann le 'mórthubaiste nádúrtha' de réir bhrí Airteagal 2(2) den Rialachán agus d'iarr an Chróit réamhíocaíocht.

An 10 Lúnasa 2020, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2020) 5575 lenar dámhadh réamhíocaíocht EUR 88 951 877, a íocadh leis an gCróit an 18 Lúnasa 2020.

Tar éis thogra COM(2020) 960 ón gCoimisiún an 9 Deireadh Fómhair 2020, d'fhormheas Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle íocaíocht EUR 683 740 523 ó CDAE leis an gCróit. Ríomh an Coimisiún méid na ranníocaíochta airgeadais ó CDAE ag EUR 683 740 523. Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 8713 ón gCoimisiún lenar dámhadh an íocaíocht leis an gCróit an 2 Nollaig 2020. Íocadh an t-iarmhéid EUR 594 788 646 an 17 Nollaig 2020.

**AN PHOLAINN – Tuilte**

I mí an Mheithimh 2020, d'fhulaing cúigí Podalskie na Polainne, Mazovia (lena n-áirítear Vársá), Świętokrzyskie (Świętokrzyskie Voivodeship) agus Małopolskie (Cúige Małopolskie) sa Pholainn stoirmeacha fíochmhara agus báisteach throm, arbh iad ba chúis le tuilte. B'éigean os cionn 400 duine a aslonnú, agus bhí rochtain ar leictreachas caillte go sealadach ag 14 000 duine. Rinneadh damáiste do 1 300 teach agus do bhreis agus 240 bóthar.

D'fhulaing an talmhaíocht áitiúil caillteanais mhóra freisin, toisc go ndearnadh difear do thart ar 9 000 heicteár de thalamh curaíochta.

An 24 Lúnasa 2020, rinne an Pholainn iarratas ar ranníocaíocht ó CDAE chun oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh a mhaoiniú tar éis na dtuilte i gcúige *Podkarpackie* (Subcarpathian) i mí an Mheithimh 2020. Ba é EUR 282 851 202 meastachán údaráis na Polainne ar chostas iomlán an damáiste dhírigh a tháinig as an tubaiste. 1,56 % de OTI *Podkarpackie* an damáiste a rinneadh, an réigiún ar leibhéal NUTS 2 lena mbaineann, agus dá bhrí sin sáraíonn sé an tairseach EUR 270 961 950 (1,5 % de OTI réigiúnach). Cháiligh an t-iarratas mar iarratas a bhaineann le 'tubaiste nádúrtha réigiúnach' i gcomhréir le hAirteagal 2(3) den Rialachán. Níor iarr an Pholainn go n-íocfaí réamhíocaíocht.

Ríomh an Coimisiún méid na ranníocaíochta airgeadais as an gCiste ag EUR 7 071 280. Tar éis thogra COM(2020) 960 ón gCoimisiún an 9 Deireadh Fómhair 2020, d'fhormheas Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle íocaíocht EUR 7 071 280 ó CDAE leis an bPolainn. An 2 Nollaig 2020, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2020) 8685 lenar dámhadh ranníocaíocht airgeadais EUR 7 071 280 ó CDAE, a íocadh an 17 Nollaig 2020.

## AN GHRÉIG

### Tuilte Evia

I mí Lúnasa 2020, d'fhulaing Evia Láir tuilte tubaisteacha agus sciorrthaí talún mar thoradh ar stoirmeacha toirní troma agus báisteach throm. Bhí an bháisteach thapa agus throm ina cúis le tuilte agus sciorrthaí talún i limistéir na Messapiou agus Lilanta. Cailleadh ochtar sa tubaiste agus b'éigean 3 000 teach a aslonnú. Rinne an stoirm damáiste mór do thithe príobháideacha agus don bhonneagar áitiúil, lena n-áirítear ceithre dhroichead a scriosadh.

An 29 Deireadh Fómhair 2020, rinne an Ghréig iarratas ar chúnamh airgeadais ón gCiste don tubaiste a d'eascair as na tuilte i mí Lúnasa 2020. Ina dhiaidh sin, chuir an Ghréig a hiarratas i láthair maidir leis an tubaiste réigiúnach a rinne difear do réigiún amháin ar leibhéal NUTS 2 agus ba é EUR 132 mhilliún meastachán chostas iomlán an damáiste dhírigh. Dá bhrí sin, cháiligh an tubaiste mar 'thubaiste nádúrtha réigiúnach' i gcomhréir le hAirteagal 2(3) den Rialachán. D'iarr an Ghréig réamhíocaíocht.

An 2 Márta 2021, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2021) 1507 lenar dámhadh réamhíocaíocht EUR 330 010, a d'íoc sé leis an nGréig an 17 Márta 2021.

Ríomh an Coimisiún an ranníocaíocht airgeadais ó CDAE ag EUR 3 300 100. Tar éis an togra ón gCoimisiún COM(2021) 201 an 24 Márta 2021, d'fhormheas Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle íocaíocht EUR 3 300 100 ó CDAE leis an nGréig. Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2021) 4438 ón gCoimisiún lenar dámhadh an íocaíocht don Ghréig an 14 Meitheamh 2021, agus íocadh an t-iarmhéid EUR 2 970 090 an 5 Iúil 2021.

### Cioclón Ianos

I mí Mheán Fómhair 2020, bhuail cioclón Meánmhuirí darb ainm Ianos an chuid is mó den mhórthír thoir agus theas, na hOileáin Iónacha Theas, an Teasáil, *Sterea Ellada* (an Ghréig Láir) lena n-áirítear Evia, Peloponnese agus Ciocláidí Thuaidh agus Thiar na Gréige. Tuilte tubaisteacha agus gaotha stoirme ba chúis leis an tubaiste, agus sciorrthaí talún mar gheall ar an mbáisteach throm a thug an cioclón isteach. Fuair roinnt daoine bás, agus bhí go leor daoine scothaosta sáinnithe ina dtithe toisc gur thit díonta mar gheall ar an stoirm. Rinneadh

damáiste do chuid mhór den bhonneagar, ar nós droichid ag titim as a chéile, an soláthar leictreachais agus uisce á ghearradh agus carraigeacha ag titim ar na príomhbhóithre.

An 9 Nollaig 2020, fuair an Coimisiún iarratas ar chúnamh ó CDAE ón nGréig i ndáil leis an gcioclón. Chuir an Ghréig a hiarratas i láthair maidir le 'tubaiste nádúrtha réigiúnach' a rinne difear do roinnt réigiún leibhéal NUTS 2 i gcomhréir le hAirteagal 2(3) den Rialachán agus ba é EUR 863 540 756 meastachán ar an damáiste díreach iomlán. D'iarr sí go n-íocfaí réamhíocaíocht.

An 2 Márta 2021, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2021) 1511 lenar dámhadh réamhíocaíocht EUR 2 158 852, a íocadh leis an nGréig an 17 Márta 2021.

Ríomh an Coimisiún an ranníocaíocht airgeadais ón gCiste ag EUR 21 588 519. Tar éis an togra ón gCoimisiún COM(2021) 201 an 24 Márta 2021, d'fhormheas Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle íocaíocht EUR 21 588 519 ó CDAE leis an nGréig. Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2021) 4466 ón gCoimisiún lenar dámhadh an íocaíocht don Ghréig an 17 Meitheamh 2021, agus íocadh an t-iarmhéid EUR 19 429 667 an 5 Iúil 2021.

**AN FHRAINC – Stoirm Alex**

I mí Dheireadh Fómhair 2020, bhuail cioclón seachthrópaiceach an Mheánmhuir, rud a d'fhág go raibh báisteach thar a bheith dian ann. Ba é an teagmhas adhaimsire ba chúis le tuilte i ngleannta alpacha na Fraince i réigiún Provence-Alpes-Côte d'Azur. Ba í an bháisteach throm ba chúis le sciorrthaí talún, sreafaí smionagair, maidhmeanna tuile agus creimeadh. Rinneadh damáiste tromchúiseach do líonraí bonneagair, agus bhí roinnt bailte ar leithlis mar gheall ar thitim na ndroichead agus na bpríomhbhóithre. Imríodh tionchar ar na céadta teach, chuaigh roinnt daoine ar iarraidh agus cailleadh 15 dhuine ar a laghad. Tuairiscíodh gurb é sin an tuile ba mheasa i nDeisceart na Fraince le 120 bliain anuas.

An 21 Nollaig 2020, fuair an Coimisiún iarratas ón bhFrainc ar ranníocaíocht airgeadais ó CDAE de bharr an damáiste a rinne Stoirm Alex i mí Dheireadh Fómhair 2020. Ina dhiaidh sin, chuir an Fhrainc a hiarratas i láthair maidir le 'tubaiste nádúrtha réigiúnach' a rinne difear do réigiún amháin ar leibhéal NUTS 2 (Provence-Alpes-Côte d'Azur/FRL0) agus mheas sí gur EUR 2 373 mhilliún costas iomlán an damáiste dhírigh. Cháiligh an t-iarratas mar iarratas a bhaineann le 'tubaiste nádúrtha réigiúnach' i gcomhréir le hAirteagal 2(3) den Rialachán. D'iarr an Fhrainc go n-íocfaí réamhíocaíocht.

An 22 Feabhra 2021, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2021) 1340 lenar dámhadh réamhíocaíocht EUR 5 932 500, a íocadh leis an bhFrainc an 11 Márta 2021.

Ríomh an Coimisiún an ranníocaíocht airgeadais ó CDAE ag EUR 59 325 000. Tar éis an togra ón gCoimisiún COM(2021) 201 an 24 Márta 2021, d'fhormheas Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle íocaíocht EUR 59 325 000 ó CDAE leis an bhFrainc. Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2021) 4868 ón gCoimisiún lenar dámhadh an íocaíocht don Fhrainc an 28 Meitheamh 2021, agus íocadh an t-iarmhéid EUR 53 392 500 an 29 Iúil 2021.

**COVID-19 – Mór-éigeandáil sláinte poiblí**

- Réamhrá

I mí na Nollag 2019, tuairiscíodh eipidéim niúmóine de bhunús anaithnid do EDS ó Wuhan na Síne. Sainaithníodh é seo níos déanaí mar thréithchineál nua de choróinvíreas nár

braitheadh roimhe sin sa duine daonna– galar choróinvíreas 2019 (COVID-19). An 30 Eanáir 2020, dhearbhaigh EDS éigeandáil eipidéime ar scála idirnáisiúnta de dheasca eipidéim nua an choróinvíris.

Sna seachtainí ina dhiaidh sin, i bhfianaise a thapa a bhí an eipidéim ag leathadh, d'fhógair na Ballstáit staid éigeandála náisiúnta agus rinne siad bearta móra chun ionfhabhtú ina bpobail a chosc agus a shrianadh. I measc na mbeart bhí bearta faireachais agus rialaithe ag na teorainneacha, agus borradh a chur faoi líon na mball foirne leighis. Bhí tionchar ollmhór ag leathadh na heipidéime agus na bearta imshrianta a chinn na Ballstáit dá bharr ar an ngeilleagar, rud a rinne difear do tháirgeadh, d'infheistíocht, do thomhaltas agus d'fheidhmiú an mhargaidh saothair.

Ceann de shaintréithe sainiúla COVID-19 ba ea an strus ollmhór a chuir sé ar chórais cúraim sláinte agus ar oibrithe, ós rud é go raibh cúnamh cliniciúil speisialta de dhíth ar fhormhór na n-othar a cuireadh san ospidéal le COVID-19. Chuir an fás nach mór ar líon na n-othar ualach trom ar fhoireann ospidéil agus ar infhaighteacht trealaimh agus soláthairtí ríthábhachtacha, ar nós sorcóirí ocsaigine, aerálaithe, fearais dhiagnóiseacha agus trealamh cosanta pearsanta. Bhí sé an-deacair d'oibrithe cúraim sláinte déileáil leis an staid sin, ós rud é go bhfuil baol dosheachanta ann go mbainfí an bonn d'acmhainneacht na struchtúr sláinte seirbhísí fíor-riachtanacha eile a sholáthar mar gheall ar phaindéim den mhéid sin.

- An Rialachán a leasú

An 30 Márta 2020, mar chuid den Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas[3], leasaíodh an Rialachán[4] chun móréigeandálaí sláinte poiblí a chur san áireamh laistigh de phrionsabal dlúthpháirtíochta an Aontais. Áiríodh leis an leasú síneadh a chur leis an tréimhse cur chun feidhme ó 12 mhí go 18 mí agus mionathruithe eile.

Leis an leasú, leathnaíodh raon na gcostas incháilithe le haghaidh oibríochtaí éigeandála agus téarnaimh riachtanacha chun bearta a chur san áireamh: (i) mearchúnamh liachta a sholáthar don phobal a ndéanann mór-éigeandáil sláinte poiblí difear dóibh; (ii) an daonra a chosaint ar riosca ionfhabhtaithe trí leathadh galar a chosc, faireachán a dhéanamh air agus é a rialú; agus (iii) rioscaí tromchúiseacha don tsláinte phoiblí a chomhrac nó a dtionchar ar an tsláinte phoiblí a mhaolú.

- Iarratais

Faoi sprioc-am an 24 Meitheamh 2020, bhí 22 iarratas faighte ag an gCoimisiún ar ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Ar an iomlán, d'iarr 19 mBallstát den Aontas (an Bheilg, an tSeicia, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ungáir, an Ostair, an Pholainn, an

[3] Rialachán (AE) 2020/460 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Márta 2020 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013 agus (AE) Uimh. 508/2014 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun infheistíochtaí a shlógadh i gcórais cúraim sláinte na mBallstát agus in earnálacha eile dá ngeilleagar mar fhreagairt ar ráig COVID-19 (An Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas).

[4] Rialachán (AE) 2020/461 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Márta 2020 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle chun cúnamh airgeadais a sholáthar do Bhallstáit agus do thíortha a bhfuil a n-aontachas leis an Aontas Eorpach á chaibidliú acu, atá buailte go trom ag mór-éigeandáil sláinte poiblí.

Phortaingéil, an Rómáin agus an tSlóivéin) agus trí thír is iarrthóirí (an Albáin, Montainéagró agus an tSeirbia) cúnamh.

Diúltaíodh do na hiarratais ón bPolainn agus ón tSlóivéin toisc nár chomhlíon siad critéir an Rialacháin. Le linn an mheasúnaithe agus tar éis na malartuithe le húdaráis na Polainne, ríomh an Coimisiún go ndearna údaráis na Polainne rómheastachán ar an gcaiteachas díreach poiblí iomlán ina n-iarratas CDAE a cuireadh isteach an 22 Meitheamh 2020. Dá bhrí sin, b'éigean an caiteachas tuairiscithe a laghdú le comhaontú údaráis na Polainne. Ós rud é gurbh é EUR 1 430,574 milliún tairseach na mór-éigeandála sláinte poiblí i gcomhréir le hAirteagal 2(2)(a) den Rialachán don Pholainn in 2020, agus go raibh an caiteachas poiblí iomlán athbhreithnithe go mór faoi bhun na tairsí sin, ní raibh iarratas na Polainne incháilithe le haghaidh tacaíocht ón gCiste. Idir an dá linn, le linn an mheasúnaithe agus tar éis na malartuithe le húdaráis na Slóivéine, ríomh an Coimisiún go ndearna údaráis na Slóivéine rómheastachán ar an gcaiteachas poiblí iomlán ina n-iarratas CDAE a cuireadh isteach an 17 Meitheamh 2020, agus gur ghá an caiteachas a laghdú dá bhrí sin. Ós rud é gurbh é EUR 135,102 milliún tairseach na mór-éigeandála sláinte poiblí i gcomhréir le hAirteagal 2(2)(a) den Rialachán don tSlóivéin in 2020, agus go raibh an caiteachas poiblí iomlán athbhreithnithe faoi bhun na tairsí sin, ní raibh an t-iarratas ón tSlóivéin incháilithe do thacaíocht ó CDAE.

- Measúnú ar iarratais

Rinneadh measúnú ar na hiarratais uile a fuarthas in aon phacáiste amháin chun cóir chomhsheasmhach chomhionann a áirithiú. Rinne an Coimisiún imscrúdú críochnúil ar roinnt gnéithe, ar nós: (i) incháilitheacht an chaiteachais (anailís a dhéanamh freisin ar cé acu a cumhdaíodh nó nár cumhdaíodh oibríochtaí incháilithe leis an gcaiteachas tuairiscithe agus ar cé acu a bhí nó nach raibh sé laistigh den tréimhse incháilitheachta); (ii) cineál éigeandála an chaiteachais; (iii) nasc díreach le paindéim COVID-19 a bheith ann; agus (iv) comhsheasmhacht an chur i bhfeidhm ar an iomlán. I gcás inar gá, d'iarr an Coimisiún ar na tíortha iarrthacha faisnéis bhreise, mínithe breise agus doiciméid tacaíochta bhreise a sholáthar.

- Maoiniú

Ós rud é gurb í an dlúthpháirtíocht príomhphrionsabal bunaidh CDAE, ba cheart an chabhair ón gCiste a bheith forásach. Leagadh amach an mhodheolaíocht chun cabhair CDAE a ríomh i dTuarascáil Bhliantúil CDAE 2002-2003 agus ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle léi (féach faoi 'Maoiniú').

Bhí modh an Choimisiúin chun méideanna cabhrach a ríomh le haghaidh móréigeandálaí sláinte poiblí cosúil leis an modh le haghaidh tubaistí nádúrtha. Dá bhrí sin, ba cheart go bhfaigheadh tír 2,5 % de mhéid iomlán an chaiteachais phoiblí incháilithe suas go dtí an tairseach thírshonrach le haghaidh móréigeandálaí sláinte, móide 6 % den chuid den chaiteachas poiblí a sháraíonn an tairseach. Cuireadh an méid sin in iúl freisin ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin[5]. Ós rud é gur thug an ríomh sin méid iomlán le haghaidh na dtíortha uile a sháraigh na hacmhainní buiséid a bhí ar fáil, laghdaíodh na méideanna in aghaidh gach tíre ar bhonn *pro rata*.

[5] https://ec.europa.eu/regional_policy/en/funding/solidarity-fund/covid-19

- Réamhíocaíochtaí

Rinne seacht mBallstát den Aontas Eorpach (an Ghearmáin, Éire, an Ghréig, an Spáinn, an Chróit, an Ungáir agus an Phortaingéil) iarratas ar réamhíocaíocht, ar mhéid iomlán EUR 132 736 830. Rinne an Coimisiún réamh-mheasúnú ar na seacht n-iarratas sin agus tháinig sé ar an gconclúid gur chomhlíon siad uile na coinníollacha chun réamhíocaíocht a íoc ó CDAE. Tar éis thogra COM(2020) 960 ón gCoimisiún an 9 Deireadh Fómhair 2020, d'fhormheas Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle réamhíocaíocht iomlán de EUR 132 736 830, a d'íoc an Coimisiún leis na tíortha thuasluaite i mí na Nollag 2020.

- Iarmhéid agus iomlán na n-íocaíochtaí

Tar éis an togra ón gCoimisiún COM(2021) 201 an 24 Márta 2021, d'fhormheas Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle íocaíocht EUR 529 347 741 ó CDAE leis an 20 tír iarrthach ar éirigh leo. Imí na Samhna agus i mí na Nollag 2021, íocadh EUR 397 454 921 san iomlán leis na tíortha mar íocaíochtaí comhardaithe agus íocaíochtaí iomlána.

**MAOINIÚ**

Ríomhadh méideanna aonair an chúnaimh a mhol an Coimisiún trí úsáid a bhaint as an modh a cinneadh i dTuarascáil Bhliantúil CDAE 2002-2003, faoi mar a ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle leis, a cuireadh i bhfeidhm i ngach cás ina dhiaidh sin. Tá sé bunaithe ar an damáiste díreach iomlán ar glacadh leis a rinne an tubaiste i ndáil le saibhreas coibhneasta an stáit lena mbaineann, mar a léirítear leis an tairseach le haghaidh 'mórthubaiste nádúrtha' (féach Iarscríbhinn I).

Dá réir sin, i gcás 'mórthubaistí nádúrtha', cuirtear córas forchéimnitheach dhá chéim i bhfeidhm trína bhfaigheann an tír ráta cabhrach níos ísle de 2,5 % den damáiste díreach iomlán don chuid den damáiste atá faoi bhun na tairsí agus ráta cabhrach níos airde de 6 % don chuid den damáiste a sháraíonn an tairseach. Suimítear an dá shuim. Faigheann 'tubaistí nádúrtha réigiúnacha' agus 'tubaistí nádúrtha i dtír chomharsanach' 2,5 % den damáiste díreach iomlán.

A luaithe a bheidh an slógadh formheasta ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle i ngach cás agus tar éis dóibh na leithreasuithe buiséid ba ghá a chur ar fáil i mbuiséad an Aontais, ghlac an Coimisiún cinntí cur chun feidhme lenar dámhadh an cúnamh ar na tíortha aonair agus d'íoc sé an méid iomlán ina dhiaidh sin. Sna cásanna sin inar dámhadh réamhíocaíocht, níor íocadh ach iarmhéid na ranníocaíochta iomláine.

Liostaíodh in iarscríbhinní na gcinntí cur chun feidhme tuairisc chineálach ar úsáid bheartaithe an airgid, na húdaráis arna n-ainmniú ag na stáit is tairbhí chun ranníocaíocht CDAE a chur chun feidhme agus an t-údarás neamhspleách atá freagrach as iniúchóireacht agus rialú.

Tá táblaí airgeadais mionsonraithe le fáil in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, d'fhormheas Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle 17 ranníocaíocht airgeadais ó CDAE mar a mhol an Coimisiún. Thíolaic an Coimisiún a thograí maidir le CDAE a shlógadh sna grúpaí seo a leanas:

- **2019**

  - An 22 Bealtaine 2019, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le CDAE[6] a shlógadh le haghaidh EUR 293 551 794 chun cúnamh a thabhairt don Rómáin, don Iodáil agus don Ostair. Bhí Dréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 3/2019[7] ag gabháil leis an togra sin maidir le slógadh inar moladh na leithreasuithe is gá a chur isteach i mbuiséad ginearálta 2019, i ngealltanais agus in íocaíochtaí araon. Ghlac an t-údarás buiséadach dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3/2019 agus an togra maidir le slógadh an 18 Meán Fómhair 2019[8] lenar dámhadh EUR 293 551 794 de chúnamh CDAE don Iodáil, don Ostair agus don Rómáin.
  - Glacadh dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 4/2019[9] an 2 Iúil 2019. Ba é cuspóir DBL Uimh. 4/2019 taobh caiteachais agus ioncaim an bhuiséid a thabhairt cothrom le dáta chun na forbairtí is déanaí a chur san áireamh, lena n-áirítear an togra chun laghdú EUR 29,7 milliún a dhéanamh ar leibhéal leithreasuithe faoi chomhair gealltanas CDAE a áirítear sa bhuiséad.
  - Glacadh DEC[10] Uimh. 2020/227 an 27 Samhain 2019 chun EUR 4 552 517 a shlógadh i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí chuig an nGréig.

- **2020**

  - An 30 Bealtaine 2020, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le CDAE[11] a shlógadh le haghaidh EUR 278 993 814 chun cúnamh a thabhairt don Phortaingéil, don Spáinn, don Iodáil agus don Ostair. Bhí dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 4/2020 ag gabháil leis an togra sin maidir le slógadh inar moladh na leithreasuithe is gá a chur isteach sa bhuiséad ginearálta do 2020, i ngealltanais agus in íocaíochtaí araon. Ghlac an t-údarás buiséadach dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 4/2020 agus an togra maidir le slógadh an 18 Meitheamh 2020 lenar dámhadh EUR 278 993 814 de chúnamh CDAE don Spáinn, don Iodáil, don Ostair agus don Phortaingéil tar éis na dtubaistí a tharla sna tíortha sin le linn 2019.
  - An 9 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le CDAE a shlógadh[12] le haghaidh EUR 823 548 633 chun cúnamh a thabhairt don Chróit agus don Pholainn i ndáil le tubaistí nádúrtha a tharla sna tíortha sin le linn 2020 agus chun réamhíocaíochtaí a íoc leis an gCróit, leis an nGearmáin, leis an nGréig, leis an Ungáir, le hÉirinn, leis an bPortaingéil agus leis an Spáinn mar fhreagairt ar an mór-éigeandáil sláinte poiblí a tharla mar thoradh ar phaindéim COVID-19 go luath in 2020. Bhí dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 9/2020[13] ag gabháil leis an togra sin maidir le slógadh inar moladh na leithreasuithe

---

6 COM(2019) 206 final, 22.5.2019.

7 COM(2019) 205 final, 22.5.2019.

8 Cinneadh (AE) 2019/1817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2019 maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a shlógadh chun cúnamh a thabhairt don Ostair, don Iodáil agus don Rómáin.

9 COM(2019) 610 final, 2.2.2019.

10 Iarraidh ar aistriú leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí faoi Airteagal 31 den Rialachán Airgeadais

11 COM(2020) 200 final, 30.4.2020.

12 COM(2020) 960 an 9.10.2020

13 COM(2020) 961 final, 9.10.2020.

is gá a chur isteach sa bhuiséad ginearálta do 2020, i ngealltanais agus in íocaíochtaí araon. Ghlac an t-údarás buiséadach dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 9/2020 agus an togra maidir le slógadh an 25 Samhain 2020[14] lenar dámhadh EUR 823 548 633 san iomlán de chúnamh CDAE don Ghearmáin, d'Éirinn, don Ghréig, don Spáinn, don Chróit, don Ungáir, don Pholainn agus don Phortaingéil.

**DÚNTÁN**

Leagtar síos le hAirteagal 8(3) den Rialachán nach mór don stát is tairbhí, laistigh de 24 mí ó dháta eisíocaíochta na ranníocaíochta airgeadais, tuarascáil a chur i láthair maidir leis an bhforghníomhú airgeadais ('tuarascáil ar chur chun feidhme') ina mbeidh ráiteas lena dtugtar bunús leis an gcaiteachas ('ráiteas bailíochta').

Dhún an Coimisiún ceithre chomhad CDAE in 2020 agus níor dhún sé ceann ar bith in 2019.

- ***DÚNTÁIN 2020***

**An tSlóivéin, stoirm oighir in 2014**: EUR 18 388 478 a bhí sa ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. An 17 Márta 2017, d'iarr an tSlóivéin síneadh chun an tuarascáil cur chun feidhme a chur isteach agus deonaíodh síneadh amháin di go dtí an 30 Meitheamh 2017. Chuir an tSlóivéin an tuarascáil cur chun feidhme agus an ráiteas bailíochta isteach an 22 Meitheamh 2017. Ar bhonn na faisnéise a chuir údaráis na Slóivéine ar fáil, fuarthas méid neamhrialta EUR 6 775,35 le linn na n-oibríochtaí iniúchóireachta. Ní raibh gá le cistí a aisghabháil toisc go raibh ró-áirithint EUR 2 267 664,97 ann. Dúnadh an comhad i mí Feabhra 2020.

**An tSeicia, tuile in 2013**: EUR 15 928 275 a bhí sa ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. An 7 Márta 2016, chuir údaráis na Seice an tuarascáil cur chun feidhme agus chuir an ráiteas bailíochta isteach, a ndearna an Coimisiún measúnú orthu. Arna iarraidh sin don Choimisiún, chuir údaráis na Seice an ráiteas bailíochta i gcrích le faisnéis bhreise i mí na Samhna 2016 agus i mí Aibreáin 2018. Léirigh iniúchadh a rinne an Coimisiún i mí Lúnasa 2018 go raibh cuid den chaiteachas neamhrialta agus nach raibh sé i gcomhréir leis an Rialachán. Deimhníodh an toradh an 26 Márta 2019. Ar bhonn na faisnéise a chuir an tSeicia ar fáil, EUR 15 917 103,51 a bhí sa chaiteachas incháilithe faoin gCiste, méid a bhí níos ísle ná an ranníocaíocht airgeadais EUR 15 928 275 ón gCiste. Bhí an difríocht EUR 11 171,49 idir na caiteachais incháilithe a tabhaíodh agus an méid a fuarthas mar thoradh ar cheartú airgeadais a bhaineann leis an réigiún Ùstínad Labem. Méid an cheartaithe airgeadais (EUR 11 171,49) ba ghá a aisghabháil, agus seoladh litir réamhdhúnta an 13 Bealtaine 2019 ina luaitear an méid sin. I mí Iúil 2019, d'iarr an tSeicia go gcuirfí an ceartú airgeadais ar ceal agus chuir sí doiciméid tacaíochta ar fáil. Ó mhí Iúil 2019 go mí Eanáir 2020, rinne an Coimisiún anailís ar an bhfaisnéis a fuarthas ón tSeicia, glacadh leis an ráiteas bailíochta ar deireadh i mí Aibreáin 2020 agus cuireadh an ceartú airgeadais ar ceal.

**An Ríocht Aontaithe, tuilte in 2015**: EUR 60 301 050 a bhí sa ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Chuir an Ríocht Aontaithe an tuarascáil cur chun feidhme agus an ráiteas bailíochta isteach an 16 Iúil 2019. Ar bhonn na faisnéise a chuir an Ríocht Aontaithe ar fáil,

[14] Cinneadh (AE) 2021/75 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a shlógadh chun cúnamh a thabhairt don Chróit agus don Pholainn i ndáil le tubaiste nádúrtha agus chun foráil a dhéanamh maidir le hairleacain a íoc leis an gCróit, le hÉirinn, leis an nGearmáin, leis an nGréig, leis an bPortaingéil agus leis an Spáinn agus leis an Ungáir i ndáil le héigeandáil sláinte poiblí.

EUR 93 887 925,31 a bhí sa chaiteachas incháilithe faoin gCiste, méid a bhí níos airde ná an ranníocaíocht airgeadais de EUR 60 301 050. Tá an difríocht idir ranníocaíocht CDAE agus an caiteachas a dearbhaíodh mar thoradh ar chaiteachas incháilithe níos airde. Seoladh litir chlabhsúir an 2 Deireadh Fómhair 2020 inar luadh nár ghá aon mhéid a aisghabháil.

**An Ghréig, crith talún in 2015**: EUR 1 651 834 a bhí sa ranníocaíocht airgeadais ó CDAE. Cuireadh an tuarascáil cur chun feidhme isteach an 22 Samhain 2018. Tar éis don Choimisiún é a scrúdú go críochnúil, agus ar bhonn na faisnéise a chuir an Ghréig ar fáil, ba é EUR 2 631 808,66 an caiteachas incháilithe faoin gCiste, méid a bhí níos airde ná ranníocaíocht airgeadais CDAE de EUR 1 651 834. Tá an difríocht idir ranníocaíocht CDAE agus an caiteachas a dearbhaíodh mar thoradh ar chaiteachas incháilithe níos airde. Seoladh litir chlabhsúir an 2 Deireadh Fómhair 2020 inar deimhníodh nár ghá aon cheartú airgeadais a chur i bhfeidhm.

## CONCLÚIDÍ

**Is minice a bhíonn ar na Ballstáit agus ar na tíortha is iarrthóirí aghaidh a thabhairt ar thubaistí nádúrtha, agus go leor acu bainteach leis an aeráid.** In 2019-2020, lean CDAE de thacaíocht ríthábhachtach a chur ar fáil do na pobail a ndearnadh difear dóibh i bhfoirm faoiseamh airgeadais dá n-iarrachtaí téarnaimh ó thubaistí den sórt sin, rud a thug comhartha inbhraite de dhlúthpháirtíocht na hEorpa.

**Mar sin féin, ba í an phaindéim COVID-19 a raibh an tionchar ba mhó aici ar fheidhmiú CDAE in 2019-2020, rud a léiríonn a thábhachtaí atá solúbthacht bhuiséad CDAE agus inoiriúnaitheacht an Rialacháin.** Mar thoradh ar an leasú tapa ar an Rialachán, ón 30 Márta 2020 ar aghaidh, féadann na Ballstáit agus na tíortha a bhfuil baint acu le caibidlíocht an Aontais iarratas a dhéanamh ar thacaíocht ó CDAE le haghaidh mór-éigeandáil sláinte poiblí.

**Mar thoradh air sin, bhí 2019 agus 2020, go háirithe, ina mblianta an-dúshlánach do CDAE.** Le linn an dá bhliain sin, bhí 33 iarratas rathúla nua ann, ar bhain 13 díobh le tubaistí nádúrtha agus bhain 20 díobh le mór-éigeandáil sláinte poiblí.

**San iomlán, slógadh EUR 77,6 milliún in 2019 agus EUR 989 milliún in 2020 ó CDAE chun cuidiú leis na Ballstáit agus le tíortha is iarrthóirí téarnamh ó iarmhairtí tubaistí nádúrtha agus sin amháin.** Ó mhí Mheán Fómhair go mí na Samhna 2019 bhí teagmhais adhaimsire i ndeisceart agus i lár na hEorpa, ar chuir CDAE os cionn EUR 270 milliún de thacaíocht ar fáil ina leith. Idir an dá linn, ó mhí an Mheithimh go mí Lúnasa 2020, bhuail tuilte roinnt Ballstát, a fuair EUR 10 milliún i gcabhair ó CDAE.

**D'íoc an Ciste an ranníocaíocht is mó in 2020 – agus an dara méid is airde riamh – as creathanna talún Shágraib i mí an Mhárta 2020.** Rinneadh an t-iarratas agus eisíocaíocht **EUR 683,7 milliún** i dtacaíocht a phróiseáil laistigh de thréimhse an-ghearr (seacht mí), i bhfianaise mhéid ranníocaíocht CDAE agus mhéid an damáiste dhírigh iomláin mar thoradh ar na creathanna talún.

**Mar sin féin, léirigh paindéim COVID-19 i gcomhthráth leis na creathanna talún sa Chróit teorainneacha buiséadacha an Chiste freisin.** Den chéad uair riamh, *b'éigean a thacaíocht a laghdú pro rata i gcomparáid leis an tacaíocht a ríomhadh de réir na*

*modheolaíochta comhaontaithe*. Mar a léireofar sa tuarascáil do na blianta ina dhiaidh sin, níorbh é an uair dheireanach a raibh gá le tacaíocht a laghdú.

**I bhfianaise a shainordaithe leathnaithe agus an éilimh mhéadaithe ar a thacaíocht, ba cheart na hacmhainní buiséadacha is gá a thabhairt do CDAE chun a shainordú a chomhlíonadh amach anseo freisin.** Le linn a staire, bhí ról tábhachtach ag CDAE maidir le tacaíocht a thabhairt do stáit atá i ngátar agus maidir le siombail choincréiteach de dhlúthpháirtíocht an Aontais a chur ar fáil do dhaoine i gcásanna an-deacair tar éis tubaistí agus éigeandálaí. Chun leanúint den ról nithiúil siombalach sin a chomhlíonadh, tá sé ríthábhachtach acmhainní buiséadacha CDAE a mhéadú agus a choimirciú.